**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2006 **M51T**

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL - GNÁTHLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT (100 marc)**

**DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❒ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*
- ❒ *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an taifeadadh.*
- ❒ *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is áil leat féin, le linn an taifeadta, nó le linn na sosanna.*
- ❒ *Scríobh do chuid freagraí go léir san fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❒ *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- ❒ *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- ❒ *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh, crónán ná canadh a dhéanamh le linn an scrúdaithe seo.*

**C.1** Sliocht as an gCantáid, *Jesu, der du meine Seele* de chuid Bach.

- Ní sheinnfear an dréacht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Ansin seinnfear Ranna A, B agus C, a tógadh as an sliocht seo, TRÍ huaire. Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma ceoil sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Roinn A, Barraí 1–26**




**Roinn B, Barraí 27–42**




**Roinn C, Barraí 43–73. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo**

**Roinn A, Barraí 1–26.**

(i) Tógadh an sliocht seo as

❐ córáil ❐ reacaireacht ❐ áiria

(ii) Is é an saghas gutha a chloistear sa sliocht seo ná

❐ alt ❐ teanóir ❐ dord

(iii) Is iad na huirlisí a sheinneann sa sliocht seo ná

❐ fliúit, veidhlín, orgán ❐ óbó, veidhlín, orgán ❐ fliúit, dordveidhil, orgán

**Roinn B, Barraí 27–42.**

(i) Cuir fáinne thart ar shampla d'fhocaldhathú a chloistear sa sliocht seo.

(ii) Ainmnigh na sosanna ag X agus Y ar an scór.

**X** _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ **Y** _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Is iad na cordaí ag deireadh an tsleachta (marcáilte Z ar an scór) ná

❐ V–I ❐ I–V ❐ V–vi

**Roinn C, Barraí 43–73. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

(i) Sainaithin gné **amháin** de líne an ghutha sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin dhá ghné de cheol Barócach a chloistear sa ghluaiseacht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Baineann Bach úsáid as ritornello sa sliocht seo. Mínigh an téarma *ritornello*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cé acu ceann de na gluaiseachtaí seo a leanas ina mbaintear úsáid as ritornello?

❐ 1ú ❐ 3ú ❐ 5ú ❐ 7ú

**(25)**

**C.2** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* de chuid Freddie Mercury TRÍ huaire.

• Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma sa cheist seo.
• Tá na liricí tosaigh clóbhuailte thíos.

1. I see a little silhouette of a man,
2. Scaramouche, Scaramouche, will you do the Fandango.
3. Thunderbolt and lightning, very, very fright'ning me.
4. Galileo. Galileo. Galileo. Galileo. Galileo Figaro Magnifico.

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén chuid den cheol as ar tógadh an sliocht seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sa dá líne thosaigh, seinneann an pianó

❒ bloc-chordaí legato ❒ bloc-chordaí staccato ❒ cordaí briste legato

(iii) Sainaithin an teicníocht ghutha atá le cloisteáil sna línte 3 agus 4.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) I línte 1–4 an tsleachta seo, tá na foinn á gcanadh ag

❒ guth aonair ❒ cór ❒ guth aonair agus cór

(v) Sainaithin stíl an cheoil sa chuid **a thagann** go díreach **i ndiaidh** an tsleachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cén uirlis **nach** mbaintear úsáid as sa chuid seo?

❒ drumaí ❒ dordghiotár ❒ pianó ❒ treoirghiotár

**(10)**

**C.3** Seinnfear sliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* de chuid Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma sa cheist seo.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Tógadh an sliocht seo

☐ as an bhfoilsiú ☐ as an bhforbairt ☐ as an gcóda



(ii) Tá an ceol ag **X** (barraí 2–8) bunaithe

☐ ar Théama Friar Lawrence ☐ ar Théama an aighnis ☐ ar Théama an ghrá

(iii) An rithim a sheinneann na timpani sa sliocht seo tá sí

☐ sioncóipithe ☐ poncaithe ☐ tripléadach

(iv) Is iad an dá nóta atá ar iarraidh ag **Y** (barra 13) ná

☐  ☐  ☐ 

(v) Déan cur síos ar an meanma nó ar an mothúchán a chuireann Tchaikovsky in iúl sa chuid seo den Réamhcheol.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C.4** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Uimh.1 don Phianó* de chuid Ghearóid de Barra TRÍ huaire.

- Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma sa cheist seo.
- Tá imlíne an scóir de bharraí 1–16 an tsleachta clóbhuailte thíos. Tá an sliocht iomlán 32 barra ar fhad.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Ainmnigh na trí uirlis a sheinneann i mbarraí 1–16 an tsleachta.

1. ________________ 2. ________________ 3. ________________

(ii) Seinneann na huirlisí seo

❒ an tséis chéanna mar aoncheol ❒ an tséis chéanna mar aithris ❒ séiseanna éagsúla

(iii) Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh i mbarra 13 ná

❒ $\frac{3}{4}$ ❒ $\frac{2}{4}$ ❒ $\frac{4}{4}$

(iv) Cloistear an tséis faoi dhó sa sliocht seo (barraí 1–16 agus barraí 17–32). An tarna huair (barraí 17–32) seinntear an tséis ag

❒ airde níos airde ❒ an airde chéanna ❒ airde níos ísle

(v) Sainaithin athrú **amháin** eile sa cheol i mbarraí 17–32.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C.5 Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú TRÍ shliocht, a sheinnfear TRÍ huaire. Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma sa cheist seo.

- Freagair A, B agus C.

**A.** Dhá véarsa de *Ó Bhéal go Béal*. Cloisfidh tú an sliocht á sheinm TRÍ huaire.

(i) Sainaithin stíl na hamhránaíochta sa sliocht. ________________________________

(ii) Cé acu **dhá** cheann díobh seo a leanas atá le cloisteáil sa sliocht?

☐ ornáidiú ☐ dordán ☐ tionlacan

☐ nótaí athdhéanta ☐ saor-rithim ☐ miontonúlacht

(iii) Is é foirm gach véarsa ná

☐ AABA ☐ AABB ☐ ABBA

**B.** Cloisfidh tú sliocht a dó á sheinm TRÍ huaire.

(i) Cé acu ceann de na huirlisí seo a leanas a sheinneann an tséis?

☐ giotár ☐ cláirseach ☐ bouzouki

(ii) Sainaithin an saghas damhsa atá sa sliocht seo. ________________________________

(iii) Is é an rithim a ghabhann leis an damhsa seo ná

☐  ☐  ☐ 

**C.** Cloisfidh tú an tríú sliocht á sheinm TRÍ huaire.

(i) Is é an chnaguirlis a sheinneann **i dtús** an tsleachta ná

❒ sreangdhruma ❒ bodhrán ❒ cnámha

(ii) Sainaithin an t-ord ina gcloistear na trí uirlis seo a leanas ag seinm na séise sa sliocht: feadóg stáin, píb uilleann, fliúit.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar ghné **amháin** de stíl an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(25)**

Beidh bearna dhá nóiméad déag ann roimh an chéad cheist eile.

**C.6 Scileanna Éisteachta**. Tá an cheist seo bunaithe ar **dhá** leagan den amhrán *Michelle* de chuid Lennon agus McCartney.

- Seinnfear an ceol i ngach roinn, TRÍ huaire. Tá bearna fiche soicind ann idir gach babhta seanma sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna i ngach roinn.

**Roinn A**

- Tá na liricí sa chuid seo clóbhuailte thíos.

**A**: Michelle, ma belle, these are words that go together well, my Michelle

**B**: Michelle, ma belle, sont les mots qui **C**: vont très bien ensemble, très bien ensemble

(i) Tá an sliocht in am $\frac{4}{4}$. Is é líon na mbarraí san iontreoir sula dtosaíonn canadh na bhfonn ná

☐ 3 ☐ 4 ☐ 5

(ii) Tá líne an ghutha ag **A** agus **B**

☐ díreach mar an gcéanna ☐ cosúil le chéile ☐ éagsúil ar fad

(iii) Is é rithim na séise ag **C** ná


☐ 

☐ 

☐ 

**Roinn B**

- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.



(i) Cé acu ceann de na barraí seo a leanas ina gcloistear na foinn chúil á gcanadh den chéad uair?

❒ barra 13 ❒ barra 15 ❒ barra 17

(ii) Cloistear na foinn chúil á gcanadh sa chuid seo ag

❒ guthanna fear ❒ guthanna ban ❒ guthanna fear agus ban

(iii) Cuir isteach **ceithre** nóta atá ar iarraidh sa scór i mbarra 19.

**Roinn C**

- Leagan eile de *Michelle* de chuid Lennon agus McCartney. Níl aon cheol clóbhuailte ann don roinn seo.

(i) Cé acu **dhá** cheann díobh seo a leanas a chloiseann tú sa sliocht?

❒ glissando ❒ pizzicato ❒ clárchruit

❒ pianó ❒ aithris ❒ orgán

(ii) Is é an cur síos is fearr ar uigeacht an tsleachta ná

❒ monafónach – líne shingil séise

❒ homafónach – séis a bhfuil tionlacan cordúil mar thaca aige

❒ polafónach – séiseanna ag nascadh agus ag déanamh aithrise ar a chéile

(iii) Sainaithin **dhá** dhifríocht idir an leagan seo de *Michelle* agus an bunamhrán mar a chloistear é i Ranna A agus B thuas.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**LEATHANACH BÁN**